



An Bhruiséil, 16 Aibreán 2015
(OR. en)

7529/1/15
REV 1

FORETS 8
ENV 187
RELEX 258
PROBA 10
DEVGEN 38
CONUN 57

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	An t-aonú seisiún déag d'Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí - Conclúidí ón gComhairle a ghlacadh

1. Tionólfar an t-aonú seisiún déag d'Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF) ón 4 go dtí an 15 Bealtaine 2015 ag ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac. Mar chuid den seisiún, beidh babhta aireachta ardleibhéil ann ar feadh dhá lá, a thabharfar i gcrích tar éis dearbhú aireachta a ghlacadh.
2. Agus aird á tabhairt ar rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh in UNFF-11, d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle, a phléigh an Mheitheal um Fhoraoiseacht cúpla uair. Ag an gcrúinniú a bhí aici an 7-8 Aibreán 2015, chuir an Mheitheal bailchríoch ar na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle.
3. Ag an gcrúinniú a bhí aige an 15 Aibreán 2015, tháinig Coreper ar chomhaontú maidir le leasú eile ar mhír 1 (i gcló trom).
4. I bhfianaise an méid sin, moltar go nglacfaidh an Chomhairle, ag an seisiún a bheidh aici an 20 Aibreán, na Conclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Comhshocrú éifeachtach idirnáisiúnta tar éis 2015 maidir le Foraoisí

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh ag an Aontas agus ag a Bhallstáit ag an 11ú seisiún d'Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí

AG MEABHRÚ DI:

- Bunú an chomhshocraithe idirnáisiúnta maidir le foraoisí (IAF) trí Rún 2000/35 ó ECOSOC agus glacadh na hIonstraime maidir le gach cineál foraoise (an Ionstraim maidir le foraoisí), ar ionstraim í nach bhfuil Ceangailteach ó thaobh Dlí de, trí Rún 62/98 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe mar aon le Rún E/2009/118-E/CN.18/SS/2009/2 ó ECOSOC maidir leis an bPróiseas Éascaitheach agus rúin a ghlac UNFF i gcomhréir lena chlár oibre ilbhliantúil (2007-2015);
- Rún 10/2 ó UNFF, ina dtugtar léargas ar an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht IAF, chomh maith leis an sainordú do UNFF chun féachaint ar roghanna don chomhshocrú a bheidh ann amach anseo ag an 11ú seisiún i mí Bealtaine 2015 (UNFF 11), agus AG TABHAIRT DÁ hAIRE an toradh ar an obair idirsheisiúnach ar an athbhreithniú ar éifeachtacht IAF;
- Gur dlúthchuid den rialachas domhanda maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe é IAF, agus go bhfuil dlúthnasc idir é agus clár oibre iar-2015 um fhorbairt, Coinbhinsiúin Rio agus ionstraimí agus eagraíochtaí gaolmhara eile maidir le foraoisí; dá bhrí sin, tá na conclúidí seo, agus Conclúidí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo, comhlántach leis na cinn lena léirítear an comhthéacs níos leithne, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas: aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an dífhoraóisithe agus an díghrádaithe foraoise chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta¹; Straitéis nua Foraoise de chuid an Aontais Eorpaigh²; clár oibre claochlaitheach iar-2015³.

¹ Conclúidí ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an dífhoraóisithe agus an díghrádaithe foraoise chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta. An 29¹²ú Cruinniú de chuid na Comhairle Comhshaoil sa Bhruiséil, an 4 Nollaig 2008.

² Conclúidí ón gComhairle (9944/14) "Straitéis nua Foraoise de chuid AE: do na foraoisí agus don earnáil foraoisbhunaithe, an Bhruiséil, 19 Bealtaine 2014.

³ Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre claochlaitheach iar-2015. Cruinniú de chuid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta, an Bhruiséil, 16 Nollaig 2014.

DE BHARR AN MÉID SEO A LEANAS:

- Tá inní fós ann gur mó atá cúrsaí agus beartais a bhaineann le foraoisí ilroinnte idir fhóraig éagsúla, agus beidh deiseanna den scoth ann ag an gcomhphobal idirnáisiúnta in 2015 sineirgí agus comhleanúnachas níos fearr a chur chun cinn sa bheartas domhanda maidir le foraoisí agus chun foraoisí agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí (BIF) a nascadh leis an gclár oibre foriomlán maidir le forbairt inbhuanaithe;

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. ATHDEARBHAÍONN SÍ a tiomantas láidir do na foraoisí agus do bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí de gach cineál, CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá ilfheidhmiúlacht na bhforaoisí agus a mbainistiú inbhuanaithe le gur fusa a bheidh sé athrú claochlaitheach a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra, amhail an t-athrú aeráide, an caomhnú, an t-athshlánú, agus leas inbhuanaithe a bhaint as éiceachórais talún agus as a gcuid seirbhísí, an fairsingiú fásaigh, an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise, cailliúint na bithéagsúlachta, cáilíocht agus ganntanas an uisce, creimeadh agus díghrádú na hithreach, laghdú na rioscaí tubaiste, an tslándáil bia, soláthar táirgí foraoise, breosla agus fothain, cearta tionachta talún a dhéanamh slán, an comhionannas inscne, saincheisteanna **ábhartha** a bhaineann le **Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach** [...], cruthú post agus an obair chuibhiúil, agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá foraoisí agus a mbainistiú inbhuanaithe maidir le geilleagar glas i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe agus dhíothú na bochtaineachta;
2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tábhacht a thugtar d'fhoraoisí sa doiciméad deiridh "An Todhchaí atá Uainn" ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe (UNCSD) "Rio + 20"; mar aon le comhtháthú na bhforaoisí i dtogra na Meithle Oscailte maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna);

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ na gealltanais a rinneadh ag COP10 den Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CEB) maidir leis an bPlean Straitéiseach don Bhithéagsúlacht 2011-2020, lena n-áirítear spriocanna Aichi agus na cinntí a bhaineann le foraoisí a rinneadh ag COP 11 agus ag COP 12⁴; Is díol sásaimh di an t-athnuachan ar an Meabhrán Tuisceana idir rúnaíochtaí UNFF agus CEB, mar aon leis na cinntí a bhaineann le foraoisí a ghlac an 19ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tuilleadh comhair idir UNFF agus UNFCCC, inter alia maidir le sásraí maoiniúcháin a chur chun feidhme agus cosaintí a chur i bhfeidhm do bhealaí cur chuige beartais maidir le REDD+;
4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus inní mór uirthi, go bhfuil an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise fós ar siúl ar fud an domhain ar ráta scanrúil, d'ainneoin an méid a baineadh amach go dtí seo; agus go bhfuil na foraoisí faoi bhrú mar gheall ar chúiseanna casta éagsúla, lena n-áirítear leathnú na talmhaíochta, cleachtais bhainistithe neamh-inbhuanaithe ar fhoraoisí, an saothrú neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar táirgí foraoiseachta mar aon le trádáil tráchtearraí a bhaineann le dífhoraioisiú;
5. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur thacaigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit le cuspóirí uileghabhálacha IAF le 15 bliana anuas, eadhon bainistiú, caomhnú agus forbairt inbhuanaithe gach cineáil foraoisí a chur chun cinn agus an tiomantas polaitiúil san fhadtéarma chuige sin a neartú ach tugann sí dá haire nár éirigh leis an gcomhshocrú idirnáisiúnta maidir le foraoisí (IAF) atá ann faoi láthair na cuspóirí sin a bhaint amach go hiomlán;
6. CUIREANN SÍ BÉIM AR an ngá go dtabharfar aird ar leith in IAF iar-2015 ar na bunchúiseanna atá leis an dífhoraioisiú agus an díghrádú foraoise, lena n-áirítear trí bhearta amhail an rialachas foraoise a neartú ar gach leibhéal, lena n-áirítear cearta slána tionachta talún, tomhaltas agus táirgeacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus cuir chuige thrasearnálacha beartais a shaothrú toisc gur lasmuigh d'earnáil na foraoiseachta atá tiomantóirí suntasacha maidir leis an dífhoraioisiú;
7. AITHNÍONN SÍ an méid a thit amach le déanaí i gcúrsaí a bhaineann le foraoisí agus na dúshlán a bheidh ann amach anseo, chomh maith le hiarrachtaí domhanda chun an rialachas idirnáisiúnta a shruthlíniú;

⁴ Cinneadh XI/6, Cinneadh XI/19, Cinneadh XII/6, Cinneadh XII/20.

Na príomhchuspóirí agus na príomhfheidhmeanna a bheidh ag gabháil le IAF iar-2015

8. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart do IAF iar-2015 a bheith níos éifeachtaí, oiriúnach don fheidhm, dírithe ar an toradh, éifeachtach ó thaobh costais de, agus rannpháirteach sa chomhoibriú tras-earnálach. DEIMHNÍONN SÍ gur gá soiléiriú suntasach a dhéanamh ar an sainordú agus feabhas suntasach a chur ar na feidhmeanna a ghabhfaidh le IAF iar-2015, go háirithe d'fhonn go gcuirfear le luach agus le comhtháthú na bpróiseas sin atá ann cheana a bhaineann le foraoisí, agus chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:
- Tiomantas polaitiúil ardleibhéil san fhadtearma a fhorbairt i leith foraoisí;
 - Tuiscint idirnáisiúnta chomhchoiteann a neartú ar choincheap BIF agus tús áite a thabhairt do chur chuige iomlánaíoch, comhleanúnach, comhtháite chun é a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr;
 - Feabhas a chur ar chomhleanúnachas beartais maidir le foraoisí agus sineirgí a chothú i bpróisis dhomhanda foraois-ghaolmhara chun aghaidh a thabhairt ar fhorluí agus ar ilroinnt an bheartais idirnáisiúnta foraoise;
 - Modhanna oibre trédhearcacha, éifeachtúla a áirithiú;
 - Naisc a chothú idir an clár oibre domhanda foraoise agus an clár oibre iar-2015 um fhorbairt;
 - Suim sa chlár oibre domhanda foraoise agus tacaíocht don chlár sin a spreagadh san earnáil phríobháideach foraoisbhunaithe agus i réimse iomlán na ngeallsealbhóirí eile (na mórghrúpaí).
9. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá IAF iar-2015 a cheapadh ar bhealach lena mbeidh sé níos fusa na cuspóirí sin a bhaint amach agus na feidhmeanna a shannfar a chur i gcrích go héifeachtach agus go dtabharfar aghaidh leis, ag an am céanna, ar bhearnaí agus ar dhúbailt idir na próisis, na heagraíochtaí agus na comhaontuithe atá ann cheana a bhaineann le foraoisí; MEASANN sí gur gá neartú suntasach a dhéanamh ar a éifeachtúla agus ar a éifeachtaí atá IAF trí ghníomhaíocht a dhéanamh i leith na mbloc tógála seo a leanas:

An Ionstraim maidir le Foraoisí

10. AONTAÍONN SÍ gur cheart don Ionstraim maidir le Foraoisí leanúint de bheith mar ghné thábhachtach amháin de chuid IAF iar-2015;
11. TACAÍONN SÍ le bealaí a lorg chun í a thabhairt cothrom le dáta agus a cur chun feidhme a phríomhshruthú le tosaíochtaí beartais atá ag teacht chun cinn agus leis an méid a thit amach le déanaí i bhfóraim eile (SFIanna, REDD +, Spriocanna Aichi, etc.) gan tús a chur le caibidlíocht an athuair maidir lena hábhar;

12. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil dea-rialachas ríthábhachtach maidir le forbairt inbhuanaithe agus COMHAONTAÍONN SÍ GO mbeidh an tAontas agus a Bhallstáit réidh le plé a dhéanamh ar an réimse iomlán roghanna atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus ar an réimse iomlán roghanna nach bhfuil ceangailteach ó thaobh an dlí de, d'fhonn cur chuige comhleanúnach domhanda a chinntiú i ndáil le Bainistiú Inbhuanaithe ar Fhoraoisí;

Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí ó 2015 ar aghaidh

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go leanfar ar aghaidh le hidirphlé faoi bheartas a bheidh níos costéifeachtaí, cuimsithí, faoi chúram na Náisiún Aontaithe, maidir le saincheisteanna a bhaineann le foraoisí agus le hearnálacha eile a bhaineann leis an bhforaoiseacht, i gcomhthéacs an Chomhshocraithe Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh;
14. DEIMHNÍONN SÍ gur cheart go mbainfeadh ballraíocht uilíoch agus sainordú, cuspóirí agus feidhmeanna a bheidh dírithe agus soiléir le Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí ó 2015 ar aghaidh agus gur bealach níos éifeachtaí a bheidh ann le hidirghníomhú le dreamanna eile, lena gcothófar comhthuisceant maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an bhforaoiseacht, lena roinnfear taithí, agus lena rannchuideofar le comhordú beartas a bhaineann leis an bhforaoiseacht chun dúbláil a sheachaint agus comhleanúnachas níos láidre a bhaint amach sna comhaontuithe idirnáisiúnta, sna heagraíochtaí agus sna tionscnaimh a bhaineann le foraoisí, agus ag an am céanna cur chun feidhme an Bhainistithe Inbhuanaithe ar Fhoraoisí a spreagadh chomh maith leis an earnáil a athrú i gcomhréir leis an gclár oibre maidir le Forbairt Inbhuanaithe ó 2015 ar aghaidh;
15. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra chun rialacha mionsonraithe oibre idirsheisiúnacha níos éifeachtaí a bhunú leis an obair i ndáil le Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí iar-2015 a chur ar aghaidh;

Comhpháirtíocht Chomhoibríoch ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá na príomhfheidhmeanna a bhaineann le tacú leis an obair a dhéanann Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí agus feabhas a chur ar chomhordú na mbeartas agus na gclár, ar chomhar agus ar shineirgí idir eagraíochtaí comhaontuithe agus ar na comhlachtaí éagsúla a dhéileálann le gnéithe éagsúla téamacha nó earnálacha den bheartas idirnáisiúnta foraoiseachta;

17. DEIMHNÍONN SÍ gur cheart go mbeadh comhpháirtíocht athbhreithnithe ina mbeadh na heagraíochtaí ábhartha a bhaineann leis an bhforaoiseacht ar cheann de na gnéithe lárnacha in aon Chomhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh, agus gur cheart go gcuirfí feabhas ar an modh oibre a úsáidtear chun go mbainfí comhleanúnachas amach, agus gur cheart go spreagfaí bealaí leis an gcomhpháirtíocht a chur ar bhonn foirmiúil, mar shampla, trí leas a bhaint as Meabhráin Tuisceana iltaobhacha nó déthaobhacha i measc na gcomhaltaí. Ba cheart go gcuirfí feabhas ar threoir a thugtar le Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí ó 2015 ar aghaidh agus ar an idirghníomhaíocht leis an bhFóram, agus ba cheart go spreagfaí comhaltaí na Comhpháirtíochta Comhoibrí ar Fhoraoisí le haghaidh a thabhairt ar ábhair ábhartha maidir leis an gComhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh agus le Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí ó 2015 ar aghaidh ina gcuid oibre;

Na Príomhghrúpaí

18. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR nach mór feabhas a chur ar rannpháirtíocht ghníomhach, oscailte agus thrédhearcach na ngeallsealbhóirí ábhartha uile, go háirithe na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí ar gach leibhéal sa Chomhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh agus gur cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh le grúpaí geallsealbhóirí a spreagadh lena bheith rannpháirteach, ní hamháin san obair a dhéanfar maidir le beartas san Fhóram a bheidh ann amach anseo, ach sna gníomhaíochtaí uile a bhainfidh leis an gComhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh;
19. MEABHRAÍONN SÍ, i ndáil leis sin, Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;

Rúnaíocht agus bearta tacaíochta an Chomhshocraithe Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh

20. CUIREANN SÍ i bhFÁTH gur cheart go bhfanfadh na socruithe maidir leis an rúnaíocht faoi chúram na Náisiún Aontaithe agus go ndéanfaí athbhreithniú orthu chun go mbeidh siad i gcomhréir le feidhm na Náisiún Aontaithe, bunaithe ar acmhainní leordhóthanacha a thagann ó bhuiséad rialta na Náisiún Aontaithe agus ag baint leasa as sineirgí le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí eile;
21. COMHAONTAÍONN SÍ go gur cheart go dtacófar leis an gComhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh, agus le gach ceann dá chomhpháirteanna, le hacmhainní leordhóthanacha, intuartha agus inbhuanaithe daonna agus airgeadais, trí leas níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a bhaint as na ranníocaíochtaí a dhéantar faoi láthair ó bhuiséad rialta na Náisiún Aontaithe, atá i gcomhréir leis an sainordú sonrach agus leis na feidhmeanna a bheartaítear don Chomhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh;

22. IS DÍOL SÁSAIMH DI na ranníocaíochtaí deonacha leis an gComhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh agus TÁ SÍ i bhFABHAR Ciste Iontaobhais deonach Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí ó 2015 ar aghaidh a úsáid mar uirlis straitéiseach chun tacú le gníomhaíochtaí an Phróisis Éascáithigh nó le gníomhaíochtaí an phróisis a thiofadh i gcomharbacht air sin agus chun tacú leis an obair straitéiseach eile a bhaineann leis an gComhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh, agus trédhearcacht agus cuntasacht á gcinntiú ag an am céanna;

Maoiniú ar na Bealaí Cur Chun Feidhme don Bhainistiú Inbhuanaithe ar Fhoraoisí

23. CUIREANN SÍ i bhFÁTH gur gá idirdhealú soiléir a dhéanamh idir maoiniú a dhéanamh ar an gComhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh é féin agus ar mhaoiniú d'fhoraoisí agus do Bhainistiú Inbhuanaithe ar Fhoraoisí;
24. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an maoiniú d'fhorbairt idirnáisiúnta a bhaineann le foraoisí a mhéadú le blianta beaga anuas agus CUIREANN SÍ i bhFÁTH gur cheart go leanfadh an maoiniú sin de bheith de chineál deonach;
25. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart go leanfadh an maoiniú do Bhainistiú Inbhuanaithe ar Fhoraoisí ag teacht as réimse comhlántach foinsí; idir phoiblí agus phríobháideacha, idir náisiúnta agus eachtracha, idir dhéthaobhacha agus iltaobhacha, agus go dtabharfaí aitheantas go háirithe don ról tábhachtach a ghabhann le dea-rialachas agus forfheidhmiú dlí na foraoise mar réamhchoinníoll d'acmhainní a úsáid, lena n-áirítear trí infheistíocht i mBainistiú Inbhuanaithe ar Fhoraoisí agus trádáil i dtáirgí foraoise chomh maith le luacháil agus íocaíochtaí do sheirbhísí éiceachórais i bhforaoisí, mar aon leis an gcomhrac in aghaidh sreafaí airgeadais aindleathacha;
26. CUIREANN SÍ IN IÚL gur tháinig athrú mór ar an maoiniú d'fhoraoisí ó cruthaíodh Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí leis na cláir nua atá ag teacht chun cinn agus leis na deiseanna maoinithe ar gach leibhéal agus dá bhrí sin MEASANN SÍ gur bonn iomchuí é punann na bhfoinsí airgeadais atá ann cheana do mhaoiniú san am atá le teacht;
27. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhleanúnachas a neartú agus a chinntiú nach ndéanfar dúbláil ar iarrachtaí trí chur chuige comhtháite maidir le gnéithe éagsúla a bhaineann le Bealaí Cur Chun Feidhme Rio+20, leis an gclár forbartha don tréimhse i ndiaidh 2015 agus le próisis ábhartha eile, agus aird á tabhairt ar an bplé atá á dhéanamh faoi láthair i ndáil le Maoiniú don Fhorbairt, sula dtionólfar an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú don Fhorbairt agus sula gcuirfear tús leis an obair a dhéanann Coiste Saineolaithe Idir-rialtasach maidir le Maoiniú don Fhorbairt Inbhuanaithe a comhaontaíodh ag Rio+20;

28. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ó thaobh chur chun feidhme an Phróisis Éascaithigh, agus é á aithint aici go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí le go bhforbrófar an cumas straitéisí éifeachtacha a phleanáil do mhaoiniú foraoise agus le leas éifeachtach a bhaint as acmhainní ar an leibhéal náisiúnta agus MEASANN SÍ gur cheart go leanfar le haon socrú a dhéanfar maidir le maoiniú amach anseo den rochtain ar na hionstraimí airgeadais éagsúla atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, agus an úsáid a bhaintear astu, a éascú agus a fheabhsú, agus forbairt a dhéanamh ar an taithí agus ar an gcleachtas a fuarthas leis an bPróiseas Éascaitheach agus le hobair chomhpháirteach na Comhpháirtíochta Comhoibrí ar Fhoraoisí;

Gné réigiúnach

29. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil na comhlachtaí agus na próisis réigiúnacha iomchuí atá ann níos rannpháirtí sa Chomhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh d'fhonn a chinntiú go bhféadfar ról éifeachtach a imirt ar an leibhéal réigiúnach mar idirbhealach idir an leibhéal domhanda agus an leibhéal náisiúnta;

Pleanáil Straitéiseach

30. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra chun feabhas a chur ar phleanáil agus ar chur chun feidhme an Chomhshocráithe Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh trí phlean straitéiseach nó trí chur chuige comhchosúil, CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart go mbeadh téarma fada ama i gceist leis agus go gcinnteofar go ndéanfar athruithe leanúnacha agus coigeartuithe solúbtha, go ndéanfar comhchodanna lárnacha an Chomhshocráithe Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh a chomhtháthú, go gcuirfear gníomhartha in ord tosaíochta, go sainaithneofar róil na ngníomhaithe éagsúla agus na n-acmhainní gaolmhara, go ndéanfar creat cuntasachta a chinntiú trí fhaireachán a dhéanamh, trí thuairisciú agus trí mheasúnú, agus go bhféadfaí spriocanna intomhaiste faoi cheangal ama a áireamh, i gcomhréir le spriocanna/aidhmeanna/cuspóirí ábhartha maidir leis an bhforaoiseacht;

Treochlár

31. CUIREANN SÍ i bhFÁTH gur gá go gcomhaontófar treochlár d'oibríocht agus d'fhorbairt bhreise a dhéanamh ar na mionsonraíochtaí maidir le Comhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh a luaithe agus is féidir ag Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, agus aird á tabhairt ar na cinntí atá ag teacht chun cinn maidir leis an gclár forbartha ó 2015 ar aghaidh agus ar an gcomhaontú domhanda maidir le hathrú aeráide a bheidh ann amach anseo i measc nithe eile;

An Chuid Ardleibhéil

32. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an acmhainneacht atá ag na Codanna Ardleibhéil maidir le ról tábhachtach a imirt sa Chomhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh;

33. MEASANN SÍ gur cheart go dtiocfadh na hAirí agus na hionadaithe ardleibhéil ar chomhaontú ag Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí 11 faoi Dhearbhú ó na hAirí, lena ndírítear ar leagan nua do rialachas domhanda foraoise a chur ar fáil agus béim a leagan ar:

- Foraoisí agus Bainistiú Inbhuanaithe ar Fhoraoisí do ghníomh athraitheach;
- Tiomantas comhpháirteach maidir le Comhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh a bheidh níos éifeachtaí agus níos dírithe ar thorthaí;
- An méid a chuireann na foraoisí agus Bainistiú Inbhuanaithe ar Fhoraoisí le cur chun feidhme an chlár oibre don fhorbairt ó 2015 ar aghaidh agus le comhaontú domhanda a bheidh ann amach anseo maidir leis an athrú aeráide.

Na chéad chéimeanna eile

Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de ról gníomhach agus cuiditheach a imirt maidir leis an mbeartas domhanda i ndáil leis an bhforaoiseacht a fhorbairt agus de bheith ag oibriú leis na comhpháirtithe agus na geallsealbhóirí uile i ndáil leis sin. Táimid tiomanta dár bhfreagrachtaí maidir leis an gComhshocrú Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh a chomhlíonadh go hiomlán, agus táimid ag súil go ndéanfaidh na comhpháirtithe eile amhlaidh.
